Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9812/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0128 (NLE)**

**AELE 31**
**MC 1**
**SAN 358**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 253 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Prionsacht Mhonacó maidir le gníomhartha Comhphobail áirithe a chur i bhfeidhm ar chríoch Phrionsacht Mhonacó |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 253 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 253 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.5.2026
COM(2026) 253 final

2026/0128 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Prionsacht Mhonacó maidir le gníomhartha Comhphobail áirithe a chur i bhfeidhm ar chríoch Phrionsacht Mhonacó**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Prionsacht Mhonacó maidir le gníomhartha Comhphobail áirithe a chur i bhfeidhm ar chríoch Phrionsacht Mhonacó ('an Comhaontú'), arna síniú an 4 Nollaig 2003[1], éascaítear gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus trádáil i cógais lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáid tréidliachta, i gcosmaideacha agus i bhfeistí leighis idir na Páirtithe sa Chomhaontú.

Foráiltear in Airteagal 1, mír 1, den Chomhaontú go ndéanfaidh an Comhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú, an Iarscríbhinn a ghabhann leis a leasú chun a áirithiú maidir le gníomhartha de chuid an Aontais a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe go mbeidh feidhm acu ar chríoch Mhonacó.

An Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú, tugadh cothrom le dáta go deireanach í in 2013 le Cinneadh Uimh. 1/2013[2] ón gComhchoiste. Ó tugadh cothrom le dáta í, tá forbairt leanúnach tagtha ar *acquis* ábhartha an Aontais, go háirithe trí ghníomhartha reachtacha nua a ghlacadh agus trí ghníomhartha a bhí ann cheana a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe a leasú.

Chun leanúint de chur i bhfeidhm ceart agus aonfhoirmeach an Chomhaontaithe a áirithiú, is gá, dá bhrí sin, an Iarscríbhinn a thabhairt cothrom le dáta chun staid reatha *acquis* infheidhme an Aontais a léiriú.

Dá bhrí sin, is é is aidhm don togra seo an Iarscríbhinn a thabhairt cothrom le dáta agus a athbhreithniú ionas go gcuimseofar inti gníomhartha uile an Aontais a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe agus go mbainfear na gníomhartha a aisghaireadh.

### 2. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Chun an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú a leagan síos, tá gá le Cinneadh ón gComhairle de bhun Airteagal 218(9) CFAE.

Leis an dréacht-Chinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an togra seo, tugtar an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 1(1) de, trí ghníomhartha uile an Aontais a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe faoi láthair a liostú, gníomhartha ar gá iad a chuimsiú san Iarscríbhinn chun go mbeidh feidhm acu maidir le críoch Phrionsacht Mhonacó. Is iad sin na bunghníomhartha reachtacha agus na gníomhartha lena leasaítear nó lena n-ionadaítear iad, arna nglacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle nó ag an gComhairle, lena sainítear an creat rialála substainteach is infheidhme sna réimsí a chumhdaítear leis an gComhaontú.

An tráth céanna, soiléirítear sa dréacht-Chinneadh ón gComhchoiste an chaoi a ndéileálfar le gníomhartha arna nglacadh ag an gCoimisiún agus na gníomhartha reachtacha sin á gcur i bhfeidhm. Foráiltear in Airteagal 1(2) den Chomhaontú go mbeidh feidhm ag na gníomhartha sin maidir le críoch Phrionsacht Mhonacó gan gá le cinneadh ón gComhchoiste. Dá réir sin, gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún ar bhonn na ngníomhartha a liostaítear san Iarscríbhinn, beidh feidhm acu go huathoibríoch de bhua an Chomhaontaithe agus ní gá iad a liostú ina n-aonar san Iarscríbhinn.

1 IO L 332, 19.12.2003, lch. 42
2 IO L 245, 14.9.2013, lgh. 14–15

Sa chomhthéacs sin, leis an dréacht-Chinneadh ón gComhchoiste tugtar isteach soiléiriú lena ndeimhnítear go bhfuil tagairtí san Iarscríbhinn do ghníomhartha de chuid an Aontais le tuiscint mar thagairtí do na gníomhartha sin arna leasú nó arna n-ionadú, agus gníomhartha arna nglacadh ag an gCoimisiún chun iad a chur i bhfeidhm, beidh feidhm uathoibríoch acu de bhun Airteagal 1(2) den Chomhaontú. Is léiriú é sin ar bhealach nua chun an Iarscríbhinn a dhréachtú, arb é is aidhm dó soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú, ach é a bheith bunaithe go hiomlán i gcónaí ar na rialacha agus na sásraí céanna a leagtar síos sa Chomhaontú.

Leis an gcur chuige sin, ní mhodhnaítear raon feidhme an Chomhaontaithe ná roinnt na n-inniúlachtaí a bhunaítear ann, ach áirithítear leis cur i láthair níos soiléire, níos inbhuanaithe agus níos cothroime le dáta ar *acquis* an Aontais is infheidhme maidir le Prionsacht Mhonacó.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

### Achoimre ar an ngníomhaíocht atá beartaithe

Is togra é seo le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú, ar cheart é a bheith bunaithe ar an dréacht-Chinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis seo.

### Bunús dlí

Airteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de.

### An rogha ionstraime

Foráiltear in Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go mbunófar le Cinneadh ón gComhairle an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo.

### Comhréireacht

Tá an togra i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta toisc go bhfuil a éifeachtaí teoranta go docht don mhéid is gá chun an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú a thabhairt cothrom le dáta chun staid reachtaíocht an Aontais sna réimsí a thagann faoina raon feidhme a léiriú.

2026/0128 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Prionsacht Mhonacó maidir le gníomhartha Comhphobail áirithe a chur i bhfeidhm ar chríoch Phrionsacht Mhonacó**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear in airteagal 1, mír 1, den Chomhaontú go ndéanfaidh an Comhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú an Iarscríbhinn a ghabhann leis a leasú chun a áirithiú maidir le gníomhartha de chuid an Aontais a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe go mbeidh feidhm acu ar chríoch Mhonacó,

(2) Ó tháinig an Comhaontú i bhfeidhm, ghlac an tAontas Eorpach roinnt gníomhartha a thagann faoina raon feidhme agus aisghaireadh roinnt gníomhartha atá san Iarscríbhinn. Dá bhrí sin, is gá an Iarscríbhinn a thabhairt cothrom le dáta chun na gníomhartha nua a chur san áireamh agus chun na gníomhartha a aisghaireadh a bhaint,

(3) Le Cinneadh 2003/885/CE ón gComhairle an 17 Samhain 2003 i ndáil le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Gníomhartha Comhphobail áirithe a chur i bhfeidhm ar chríoch Phrionsacht Mhonacó, go háirithe Airteagal 3, mír 1, de, foráiltear go ndéanfaidh an Coimisiún ionadaíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste,

(4) Foráiltear le Cinneadh 2003/885/CE ón gComhairle an 17 Samhain 2003, go háirithe Airteagal 3, mír 2 de, go ndéanfaidh an Chomhairle an seasamh atá le glacadh ag an Aontas Eorpach sa Chomhchoiste a chinneadh ar thogra ón gCoimisiún; gníomhóidh an Chomhairle de réir na rialach vótála céanna is infheidhme maidir le glacadh an ghnímh Aontais lena mbaineann,

(5) Rinneadh an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú a leasú go deireanach le Cinneadh Uimh. 1/2013 ó Chomhchoiste AE-Monacó, chun forbairtí i reachtaíocht an Aontais a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe a chur san áireamh.

(6) Chun comhsheasmhacht agus comhleanúnachas na hIarscríbhinne a ghabhann leis an gComhaontú a chaomhnú, tá formheas na hIarscríbhinne ina hiomláine á lorg ag an gCoimisiún, lena n-áirítear na gníomhartha uile atá le cuimsiú inti, gan beann ar cé acu an eascraíonn cuimsiú gníomhartha áirithe as Airteagal 3(2) nó as Airteagal 3(3) de Chinneadh 2003/885/CE ón gComhairle.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú an 4 Nollaig 2003 idir an Comhphobal Eorpach agus Prionsacht Mhonacó maidir le gníomhartha Comhphobail áirithe a chur i bhfeidhm ar chríoch Phrionsacht Mhonacó, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais modhnuithe teicniúla ar an dréacht-Chinneadh ón gComhchoiste a chomhaontú sa Chomhchoiste gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Foilseofar an Cinneadh ón gComhchoiste in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a ghlactha.

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*